# Féitheoireacht an Chlóis

## Scoil Dhún Chaoin

## Reasúnaíocht

Tá cúram féitheoireachta an chlóis agus sa scoil mar fhreagracht ar Mhalachaí agus Maryann. Bíonn an dualgas ar mhúinteoirí nó cúntóirí eile ag obair sa scoil ag amannta difriúla i rith na seachtaine

## Treoracha

Tosnaíonn an lá scoile go hoifigiúil ag 9:20 ach bíonn roinnt leanaí ar scoil ó 9:00 nó níos luaithe. Níl aon chead ag leanaí imirt sa chlós ar maidin gan múinteoir nó cúntoir a bheith i láthair sa chlós.

Roimh dhul amach íosfaidh na daltaí a lón ina seomra féin leis an múinteoir ranga.

Tá an chéad sos ag 11.10rn- 11.25in. agus an dara sos ag 1.00in- 1.30in.

Ní bheidh cead ag leanbh sa chlós go dtí go bhfuil múinteoir nó cuntóir sa chlós i bhfeidhil.

Ní bheidh cead ag leanaí fanacht sa bhfoirgneamh scoile muna bhfuil múinteoir nó cuntóir i láthair chomh ach amháin nuair atá leanbh ag úsáid an leithris.

Déanfaidh na múinteoirí deimhin de, chomh fada is atá ar a gcumas, nach bhfágfaidh aon dalta clós na scoile i rith am sosa.

Má bhíonn aon achrann nó argóint sa chlós déanfaidh na múinteoirí a ndícheall é a réiteach.

Má bhíonn gátar leis déanfaidh na múinteoirí aon scéal atá ag déanamh tinnis dóibh a fhiosrú níos doimhne tar éis am sosa. Más cúis imní mór é aon eachtra déanfar fiosruithe breise ar an scéal agus clárófar an eachtra sa chomhad.

Leanfar polasaí bulaíochta agus polasaí iompair na scoile tar éis na céime seo.

Cuirfear cóir leighis ar aon dhalta a gortaíotar chomh fada is atá ar chumas an mhúinteora. Ní fhanfaidh aon mhúinteoir sa scoil chun cóir leighis a chur a leanbh gan leanbh eile a bheith i láthair chomh maith. Má tá an gortú olc go leor déanfar fios a chur ar thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh agus coimeádfar tuairisc de sin i leabhar na n-eachtraí.

Nuair atá leanbh sa leithreas fágann siad an doras ranga go dtí an leithreas ar oscailt. Is comhartha don múinteoir é seo go bhfuil leanbh sa leithreas agus bíonn na múinteoirí ábalta súil a choimeád ar an láthair taobh amuigh dos na leithris.

D'aontaigh Malachaí agus Maryann leis an bpolasaí seo agus cuireadh fé bhraid an Bhoird é ar an 5ú Nollaig 2019.

Sínithe ag an gCathaoirleach,

Pádraig Firtéar________________________________

Dáta________________________________________